



An Phríomh-Oifig Staidrimh
Central Statistics Office

Daonáireamh
2016
TORTHAÍ
www.cso.ie

Preasráiteas Press Statement

Tortha Achoimre Dhaonáireamh 2016 – Cuid 1

Fás ar dhaonra na tíre go 4.76 milliún in 2016

Léiríonn torthaí Dhaonáireamh 2016 gurbh ionann daonra na hÉireann agus 4,761,865 duine i mí Aibreáin 2016, méadú 173,613 duine (3.8%) ar Aibreán 2011. Tháinig mionlaghdú ar líon na náisiúnach coigríocha/neamh-Éireannacha go 535,475 duine (11.6% den daonra), an chéad laghdú ó theacht isteach na ceiste seo i 2002. Tá méadú tagtha ar líon na ndaoine le náisiúntacht roinnte Éireannach (náisiúntacht Éireannach agus náisiúntacht thír eile araon acu) go 104,784 duine, méadú 48,879 ar an líon a bhí ann i mí Aibreáin 2011.

Is cuid de na príomhfhigiúirí iad seo ón bhfoilseachán ‘Torthaí Achoimre Dhaonáireamh 2016 - Cuid 1’ atá á fhoilsiú inniu ag an bPríomh-Oifig Staidrimh (CSO). I dteannta sonraí deimhne ar mórathruithe an daonra ó Aibreán 2011, léirítear sonraí achoimre san fhoilseachán ar phróifíl aoise, stádas pósta, teaghlach, náisiúntacht, cainteoirí Gaeilge, teangacha iasachta, creideamh agus tithíocht.

Deir Deirdre Cullen, Staitisteoir Sinsearach, “Tá foilseachán an lae inniu mar an chéad ceann i sraith de 13 tuarascáil bunaithe ar Dhaonáireamh 2016; in éineacht leis an dá thuarascáil achoimre, beidh 11 próifíl téamacha á bhfoilsiú ag an CSO. Díreofar i ngach ceann de na próifílí seo ar thopaicí éagsúla ar bhonn níos deimhne, ina measc tithíocht, daoine gan dídean, creideamh, míchumas agus cúramóirí. Tabharfaidh na tuarascálacha seo go léir léargas cuimsitheach ar dhálaí déimeagrafacha agus socheacnamaíocha na hÉireann mar a bhí in Aibreán 2016.”

Tá fáil ar thuarascáil iomlán an lae inniu ar shuíomh gréasáin na hOifige ag <http://www.cso.ie/en/baile/daonaireamh>. Is féidir teacht ar shraith táblaí idirghníomhacha ann chomh maith a chuireann ar chumas an úsáideora sonraí ar leith a lorg agus a íoslódáil ag baint leas as réimse critéar, ceantair thírleolaíocha san áireamh.

Foilseofar na sonraí achoimre daonáirimh i gcomhairle leis an Ionad Breathnaithe um Thaighde Uile-Éireann (AIRO) ag Ollscoil Mhá Nuad i léarscáileanna téamacha de réir gach Toghroinn (ED). Chun teacht orthu seo, lean an nasc ónár suíomh gréasáin.

Ghabh Ms Cullen buíochas le gach duine den phobal as páirt a ghlacadh i nDaonáireamh 2016, agus thug sí aitheantas d’obair na foirne daonáirimh; “Tá foilseachán an lae inniu á eisiúint díreach 12 mí tar éis oíche an daonáirimh (24 Aibreán 2016). Ní fhéadfaí a leithéid a bhaint amach gan rannpháirtíocht phobal na hÉireann sa togra, mar aon le dúthracht agus dílseacht na foirne daonáirimh ina hiomlán. Mar sin, is mian liom buíochas a ghabháil le gach éinne a rinne a chuid sa togra seo. Tabharfaidh na torthaí léargas agus tuiscint níos leithne dúinn ar Éirinn an lae inniu.”

Tuilleadh/...



An Phríomh-Oifig Staidrimh
Bóthar na Sceiche Airde
Corcaigh
Éire

Oifig i mBaile Átha Cliath
+353 1 4984000

Central Statistics Office
Skehard Road
Cork
Ireland

Dublin Office
+353 1 4984000



LoCall 1890 313 414 (ROI)
0870 876 0256 (UK/NI)
+353 21 453 5000
+353 21 453 5555



information@cso.ie
www.cso.ie

Buaicphointí na tuarascála

Daonra ag dul in aois

37.4 bliain ab ea meánaois an daonra in Aibreán 2016, ardú ar fhiúir de 36.1 bliain in Aibreán 2011. Tháinig méadú 22% go 296,837 ar líon na bhfireannach in aois 65 nó os a chionn sin, méadú 16.7% a tháinig ar líon na mbaineannach in aois 65 nó os a chionn go 340,730. Tháinig ardú 2.5 bliain ar mheánaois an daonra coigríoch/neamh-Éireannach (beagnach dúbailt ar ardú an daonra i gcoitinne) go 35.4 bliain, ardú 3.5 bliain a bhí ann i gcás daoine le náisiúntacht Pholannach ó 27.9 bliain go 31.4 bliain.

Teaghlaigh agus líonta tí

I 2016, bhí 1.38 leanbh ar an meán in aghaidh an teaghlaigh, fiúir gan athrú ó 2011. Bhí 218,817 teaghlach aontuismitheora ann agus an móramh mór díobh (86.4%) faoi cheannas máthair. Tháinig ardú 2.9% go 1,702,289 ar mhéid na líonta tí príobháideach in Aibreán 2016. Tháinig ardú 3.7% ar líon na ndaoine a raibh cónaí orthu i líonta tí príobháideacha, rud a thugann le fios go bhfuil cruthú líon tí tite siar i gcomparáid leis an méadú daonra. Tháinig ardú ar mheánmhéid an líon tí ó 2.73 duine go 2.75 duine; cúlú ar an laghdú fadtéarmach ar mheánmhéid an líon tí in Éirinn.

Páirtnéireachtaí sibhialta agus póstaí comhghnéis san áireamh den chéad uair

Rinneadh taifead le linn Daonáireamh 2016 ar 6,034 lánúin comhghnéis san iomlán; 3,442 lánúin fhireann agus 2,592 lánúin bhaineann. Bhí 4,226 duine i bpáirtnéireachtaí sibhialta comhghnéis, an chéad uair a rinneadh taifead ar an gcatagóir seo sa daonáireamh. Ar an iomlán, tháinig méadú 16,125 ar líon na ndaoine colscartha go 103,895 duine. Chonacthas méadú 28,236 duine le linn an tréimhse cúig bliana roimhe (2006-2011).

Imirce

Tá méadú leanúnach ar líon cónaitheoirí na hÉireann a rugadh taobh amuigh den Stát; 810,406 duine a bhí ann i 2016, ardú 43,636 duine ar fhiúir na bliana 2011. 82,346 duine a tháinig chun cónaí in Éirinn le linn na bliana go mí Aibreáin 2016. Astu seo, ba náisiúnaigh Éireannacha iad 28,143 díobh agus iad ag teacht go príomha as an Ríocht Aontaithe, as an Astráil agus as na Stáit Aontaithe. Inimircigh choigríocha/neamh-Éireannacha ba iad an 54,203 duine eile a tháinig chun na tíre seo agus iad ag teacht go príomha ón Ríocht Aontaithe, ón mBrasaíl agus ón bPolainn.

Teangacha iasachta

Thug 612,018 cónaitheoir sa tír le fios go labhraíonn siad teanga iasachta (seachas Gaeilge nó Béarla) sa mbaile, méadú 19% ar fhiúir na bliana 2011. Bá í an Pholainnis an ceann is coitianta díobh seo, le Francis, Rómáinis agus Liotuáinis sna sála uirthi. Is in Éirinn a rugadh 30% de na cainteoirí teangacha iasachta seo agus ba pháistí iad 57.4% den sciar sin a rugadh sa tír.

Méadú i ndaonra an Lucht Siúil

Tháinig ardú 5.1% go 30,987 ar líon na ndaoine aitheanta mar bhaill den Lucht Siúil i nDaonáireamh 2016. Chonacthas na méaduithe ba mhó sa Longfoirt (ardú 40.8%) agus i Ros Comáin (ardú 30.3%).

Labhairt na Gaeilge

Dúirt 1,761,420 duine (39.8% de fhreagróirí, i gcomparáid le 41.4% i 2011) go raibh siad in ann an Ghaeilge a labhairt, titim bheag (-0.7%) ar an bhfiúir i 2011. As an 1.76 milliún duine sin, labhair 73,803 díobh Gaeilge go laethúil taobh amuigh den chóras oideachais; 3,382 duine níos lú ná i 2011.

Méadú i líon na ndaoine gan creideamh

Chonacthas méadú ar líon na ndaoine a thug le fios go raibh siad gan creideamh ó 269,800 go 468,400, ardú 73.6% ón daonáireamh deireanach agus ionann le 9.8% den daonra. 3,729,100 Caitliceach a bhí ann in 2016 (ionann le 78.3% den daonra), titim ón 3,861,300 duine a tuairiscíodh i 2011. Ba Chaitlicigh iad 78.3% den daonra in Aibreán 2016, i gcomparáid le 84.2% in Aibreán 2011.

Tithíocht

Bhí 497,111 líon tí ag cur fúthu i gcóiríocht ar cíós ar oíche an daonáirimh 2016, méadú 22,323 ar fhiúir na bliana 2011. Díreach faoi bhun 1.7 milliún buanaonad cónaithe a bhí in úsáid ag am an daonáirimh, méadú 48,257 aonad (2.9%) ar 2011.

Leathanbhanda & Nasc idirlín

Tugadh le fios go raibh 312,982 aonad cónaithe (18.4%) sa tír gan aon nasc idirlín, laghduithe ó sciar 25.8% sa bhliain 2011. Tháinig méadú ar úsáid leathanbhanda i líonta tí príobháideacha go 70.7% (ardaithe ó 63.8% i 2011) agus tuairiscíodh 148,125 líon tí sa bhreis a raibh nasc leathanbhanda acu i 2016.

Teacht ar chóipeanna den fhoilseachán:

Chun an foilseachán a léamh nó a íoslódáil, lean an nasc seo chuig suíomh gréasáin na Príomh-Oifige Staidrimh: <http://www.cso.ie/en/baile/daonaireamh>

I gcomhair tuilleadh eolais, déan teagmháil le:

Brendan Murphy (01) 895 1329

An Phríomh-Oifig Staidrimh,

Campas Gnó Shoird, Bóthar Bhaile Anraí,

Sord, Bhaile Átha Cliath,

K67 D2X4

Fiosrúcháin Daonáirimh: (01) 895 1460

Facsuimhir: (01) 895 1399

Ríomhphost: census@cso.ie

Suíomh Gréasáin: www.cso.ie/en/baile/daonaireamh/

Tá teacht ar tuilleadh eolais faoi Dhaonáireamh 2016 ar www.census.ie/ga/baile

Nótaí d'Eagarthóirí:

- ♦ Ritheadh Daonáireamh 2016 ar Domhnach, an 24 Aibreán. Táthar tar éis daonáireamh a reáchtáil in Éirinn gach cúig bliana ó 1951 i leith, agus ba í Daonáireamh 2016 an 27ú ceann sa tír. Reáchtáladh an chéad ceann siar i 1821.
- ♦ Bhí dualgas dlíthiúil ar gach líon tí sa tír foirm daonáirimh a chomhlíonadh agus a chur ar ais.
- ♦ Tá na Torthaí Achoimre - Cuid 1 mar an chéad tuarascáil i sraith tuarascálacha de thorthaí Dhaonáireamh 2016 a foilseofar i mbliana. I dteannta leis na Torthaí Achoimre - Cuid 2, foilseofar aon phróifíl dhéag théamacha ar thopaicí (m.sh. tithíocht; próifíl aoise na hÉireann; daoine gan dídean; an Lucht Siúil, eitneachas agus creideamh; fostaíocht, slíte beatha agus tionsclaíocht) as seo go mí na Nollag.

Is féidir teacht ar an sceideal foilsithe ar <http://www.cso.ie/shorturl/459> nó is féidir leat síniú a ghlacadh lenár bhféilire foilsithe ar

<https://calendar.google.com/calendar/ical/censuspublicity1%40gmail.com/public/basic.ics>

'Sainítear 'teaghlach' mar chlann nó aonad teaghlaigh. Sainítear 'líon tí' mar ghrúpa daoine atá ag cur fúthu in aonad cónaithe amháin.